Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

# Stráitéis Gaeilge

# Irish Language Strategy

2021-2026

# Réamhrá

Aithníonn Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí (an Chomhairle) go bhfuil an Ghaeilge ina cuid luachmhar d'oidhreacht chultúrtha chomhroinnte an Cheantair agus ceiliúrann sí éagsúlacht shaibhir na dtraidisiún teanga a chabhraigh le stair an Cheantair a mhúnlú.

Is é is aidhm do Straitéis Gaeilge na Comhairle (an Straitéis) an Ghaeilge a fheabhsú, a fhorbairt agus a shaothrú agus leagtar amach inti fís le haghaidh an teanga a úsáid agus a fhorbairt ar bhealach praiticiúil inbhuanaithe. Cuid dhílis den Straitéis is ea an aidhm atá ann go mbeadh an Ghaeilge ina teanga a gcomhroinneann gach duine den phobal í, a bhfuil meas ag gach duine den phobal uirthi agus ar le gach duine den phobal í.

Leis an Straitéis, a dearadh i gcomhar leo sin a bhfuil spéis acu sa Ghaeilge, soláthrófar treochlár le haghaidh sholáthar seirbhíse na Comhairle a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht, cothú agus saothrú na Gaeilge laistigh de limistéar na Comhairle. Beidh an Straitéis ina creat le haghaidh pleananna bliantúla soláthair amach anseo agus leagfar amach inti tosaíochtaí fadtéarmacha lena ngnóthú.

# Obair i gComhpháirt

Chun an Straitéis a chur chun feidhme go rathúil, tá sé ríthábhachtach go n-oibreodh an Chomhairle i gcomhar leis an earnáil Gaeilge, ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach araon, chun an Ghaeilge a chur ar aghaidh ar fud Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí agus níos faide i gcéin. Áirítear le Fíor 1 na ceanneagraíochtaí uile a oibríonn go díreach chun an Ghaeilge a fhorbairt le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge. Déanann eagraíochtaí eile amhail Cumann Lúthchleas Gael agus Comhaltas Ceoltóirí Éireann obair thábhachtach fosta maidir leis an Ghaeilge a chur chun cinn laistigh de phobail áitiúla.

Comhairle na Gaelscolaíochta
Gaeloideachas/Tumoideach as agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge

Foras na Gaeilge

CNB.ie
Forbairt deiseanna le haghaidh an Ghaeilge a úsáid agus forbairt líonraí do dhaoine óga

Gael Linn
Oideachas san earnáil Béarla agus oideachas d'aosaigh, agus deiseanna do dhaltaí scoile an teanga a úsáid

Glór na nGael
Forbairt pobail agus gheilleagrach

An tOireachtas
Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus le líonraí a bhunú d'aosaigh

Conradh na Gaeilge
Méadú feasachta, cosaint teanga agus ionadaíocht (thar ceann na teanga le húdaráis stáit)

# Introduction

Fermanagh and Omagh District Council (FODC) recognise that Irish Language forms a valuable part the District’s shared cultural heritage and celebrates the rich diversity of linguistic traditions that has helped shape the history of the District.

The FODC Irish Language Strategy (the Strategy) is focussed on enhancing, developing and growing the Irish Language and sets out a vision for language use and development in a practical, sustainable way. Imperative to the Strategy is the aspiration of Irish Language as a language which is shared, respected and owned by all members of the community.

The Strategy, which has been co-designed with those with an interest in Irish Language, will provide a roadmap for Council service provision in regard to Irish Language activity, support and growth within the Council area. It will provide a framework for future annual delivery plans and set forth longer-term priorities to work towards.

# Working in Partnership

Crucial to successful implementation of the Strategy is Council working in collaboration with the Irish Language sector, at both local and regional level, to advance Irish Language throughout the Fermanagh and Omagh District and further afield. Figure 1 includes all lead organisations working directly in the development of Irish Language with support from Foras na Gaeilge. Other organisations such as the Gaelic Athletic Association and Comhaltas Ceoltóirí Éireann also do notable work in the promotion of the Irish Language within local communities.



Aithníonn an Chomhairle fosta gurb ann do phobal Gaeilge seanbhunaithe, bríomhar agus méadaitheach laistigh den Cheantar agus féachann sí le hobair i gcomhpháirt le gach eagraíocht áitiúil chun cabhrú le leanúint leis an Ghaeilge a fhorbairt agus a shaothrú. Tugtar sa tábla thíos léargas ar roinnt de na heagraíochtaí laistigh den Cheantar a fuair tacaíocht ón Chomhairle chun an Ghaeilge a fhorbairt laistigh dá bpobail, agus iad miondealaithe de réir Toghlimistéar Ceantair.

Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo de na heagraíochtaí uile a bhfuil díriú acu ar an Ghaeilge. Ní áirítear leis an liosta ach na heagraíochtaí sin a fuair cistiú ón Chomhairle le 5 bliana anuas.*

| Eagraíocht | Toghlimistéar Ceantair |
|---|---|
| **An Charraig Mhór, Naomh Colmcille, CLG** | Tír Eoghain Láir |
| **Seirbhísí Oideachais agus Taighde an Chreagáin** | Tír Eoghain Láir |
| **Grúpa Óige agus Pobail an Táite Riabhaigh** | Tír Eoghain Láir |
| **Glór an Tearmainn** | Tír Eoghain Láir |
| **Club Óige an Chaisleáin Ghlais, an Ómaigh** | Tír Eoghain Láir |
| **Oidhreacht Mhuintir Luinigh** | Tír Eoghain Láir |
| **Cumann Pobail Achadh Ard** | Tír Eoghain Láir |
| | |
| **Pobal ar a'n Iúl, an Ómaigh** | An Ómaigh |
| **Ógras na hÓmaí** | An Ómaigh |
| **Cumann Cónaitheoirí Pháirc na Cúile Móire agus Pháirc Uí Chatháin** | An Ómaigh |
| | |
| **Comhaltas Ceoltóirí Éireann, an Droim Mór** | Tír Eoghain Thiar |
| **An Droim Mór GFC** | Tír Eoghain Thiar |
| **Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Fionntamhnach** | Tír Eoghain Thiar |
| **Cumann Ealaíon agus Cultúir Thrilic** | Tír Eoghain Thiar |
| **Droim Caoin Uilf Tón GFC** | Tír Eoghain Thiar |
| | |
| **Cairde Bhunscoil an Traonaigh, Lios na Scéithe** | An Éirne Thoir |
| **Cumann Pobail Dhoire Geanainn** | An Éirne Thoir |
| **Cumann Pobail Knocks** | An Éirne Thoir |
| **Cumann Iomána Knocks Grattans** | An Éirne Thoir |
| **First Fermanagh's CLG, an Baile Nua** | An Éirne Thoir |
| **Seamróga Ros Liath GFC** | An Éirne Thoir |
| **Tús Nua** | An Éirne Thoir |
| **Naomh Pádraig GFC** | An Éirne Thoir |
| | |
| **Cumann Pobail Cavanaleck** | Inis Ceithleann |
| **Gaeil Inis Ceithleann GFC** | Inis Ceithleann |
| **Gaeil na hÉirne GAC** | Inis Ceithleann |
| **Fear Manach CLG** | Toghlimistéar Ceantair Fhear Manach |
| **Cumann Pobail Hillview agus Kilmacormack II** | Inis Ceithleann |
| **Sruth na hÉirne** | Inis Ceithleann |
| | |
| **Cumann Uí Chonaill CLG, Doire Loinn** | An Éirne Thiar |
| **PTFA Mullymesker** | An Éirne Thiar |
| | |
| **Naomh Iósaf GAC, Eadarnaidh** | An Éirne Thuaidh |
| **Naomh Molaise GFC, Baile an Irbhinigh** | An Éirne Thuaidh |

*Tabhair faoi deara nach liosta uileghabhálach é seo de na heagraíochtaí uile a bhfuil díriú acu ar an Ghaeilge. Ní áirítear leis an liosta ach na heagraíochtaí sin a fuair cistiú ón Chomhairle le 5 bliana anuas.

Council also recognise an established, vibrant and ever growing Irish Language community within the District and seek to work in partnership with all local organisation to help continue the development and growth of the Irish Language. Table below provides an insight into some of the organisations within the District, broken down by District Electoral Area (DEA), who have availed of FODC support to develop Irish Language within their communities.*

| Organisation | DEA |
|---|---|
| An Charraig Mhor, Colmcille, CLG, | Mid Tyrone |
| Creggan Education & Research Services | Mid Tyrone |
| Tattyreagh Youth and Community Group | Mid Tyrone |
| Glór an Tearmainn | Mid Tyrone |
| Greencastle Youth Club, Omagh | Mid Tyrone |
| Oidhreacht Mhuintir Luinigh | Mid Tyrone |
| Mountfield Community Association | Mid Tyrone |
| | |
| Pobal ar a'n Iúl, Omagh | Omagh |
| Ógras na hÓmaí | Omagh |
| Culmore O'Kane Residents Association | Omagh |
| | |
| Dromore CCÉ | West Tyrone |
| Dromore GFC | West Tyrone |
| Fintona CCE | West Tyrone |
| Trillick Arts & Cultural Society | West Tyrone |
| Drumquin Wolfe Tones GFC | West Tyrone |
| | |
| Cairde Bhunscoil an Traonaigh, Lisnaskea | Erne East |
| Derrygannon Community Association | Erne East |
| Knocks Community Association | Erne East |
| Knocks Grattans Hurling Club | Erne East |
| Newtownbutler First Fermanagh's GAA | Erne East |
| Roslea Shamrocks GFC | Erne East |
| Tús Nua | Erne East |
| St Patrick's GFC | Erne East |
| | |
| Cavanaleck Community Association | Enniskillen |
| Enniskillen Gaels GFC | Enniskillen |
| Erne Gaels G.A.C | Enniskillen |
| Fermanagh GAA | Fermanagh DEAs |
| Hillview & Kilmacormack II Community Association | Enniskillen |
| Sruth na hÉirne | Enniskillen |
| | |
| Derrylin O'Connells GAA | Erne West |
| Mullymesker PTFA | Erne West |
| | |
| St Joseph's GAC, Ederney | Erne North |
| St Molaise GFC, Irvinestown | Erne North |

*Please note that this is not an exhaustive list of Irish Language focussed organisations, but only those which have receivedFODC funding within the past 5 years.

# Forbhreathnú ar an Straitéis

Cuirfidh Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ar chumas pobal an Ghaeilge a fhoghlaim, a chomhroinnt agus a shaothrú agus tabharfaidh sí spreagadh agus cumhacht dóibh déanamh amhlaidh; cuirfidh sí infheictheacht agus úsáid na Gaeilge chun cinn ar fud an Cheantair; agus oibreoidh sí i dtreo freastal ar riachtanais na bpobal agus na líonraí Gaeilge atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn.

Príomhthosaíochtaí

- An Ghaeilge a fhorbairt agus a shaothrú;
- Infheictheacht agus inrochtaineacht na Gaeilge a mhéadú;
- Gaeilgeoirí agus pobail Ghaeilge a chumhachtú;
- An Ghaeilge a shárthaispeáint agus a cheiliúradh sa Cheantar.

# Beartas agus Soláthar Seirbhíse na Comhairle

**1.1** An Ghaeilge a leabú ar fud gach gné den oidhreacht agus den turasóireacht, agus aird á tarraingt ar stair agus cultúr uathúil Gaeilge an limistéir, lena n-áirítear logainmneacha, an oidhreacht chultúrtha, an oidhreacht thógtha agus an oidhreacht liteartha.

**1.2** Ag obair di i gcomhpháirt le heagraíochtaí ábhartha eile (idir eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí gnó), tarraingeoidh an Chomhairle aird ar an Ghaeilge mar phríomhghné d'fhorbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí teangabhunaithe agus na deiseanna turasóireachta teangabhunaithe atá ann laistigh den Cheantar.

**1.3** Naisc a bhunú idir Gaeilgeoirí/eagraíochtaí Gaeilge agus grúpaí cultúrtha eile ó chúlraí difriúla ar mhaithe le tuiscint chomhroinnte ar thraidisiúin dhifriúla teanga agus ar chultúir dhifriúla theanga, agus meas ar na traidisiúin agus na cultúir sin, a spreagadh.

# Strategy Overview

Fermanagh and Omagh District Councilwill enable, encourageand empower communities to learn, share and grow the Irish Language;promote the visibility and use of the Irish Language throughoutthe District; and work towards meeting the needs of existing and emerging Irish Language communities and networks.

Key Priorities

- Develop and grow Irish Language;
- Increase visibility of and accessibility to Irish Language;
- Empower Irish Language speakers and communities;
- Showcase and celebrate Irish Language in the District.

# Council Policy and Service Provision

**1.1** Embed Irish Language throughout all aspects of heritage and tourism, highlighting the unique Irish Language history and culture of the area including placenames, cultural heritage, built and literary heritage.

**1.2** Council, working in partnership with other relevant organisations (voluntary and business), will highlight the Irish Language as a key feature in terms of promoting and developing linguistic-based activities and tourism opportunities within the District.

**1.3** Establish links between Irish Language speakers/organisations and other cultural groups from different backgrounds, to encourage shared understanding and appreciation for different linguistic traditions and cultures.

# Sealbhú agus Tarchur Teanga

**2.1** Méadófar infheictheacht na Gaeilge ar fud an Cheantair agus leabófar an teanga ar fud Sheirbhísí na Comhairle, agus cumas níos fearr ag Gaeilgeoirí agus ag foghlaimeoirí Gaeilge seirbhísí na Comhairle a rochtain tríd an Ghaeilge.

**2.2** Beidh scileanna níos fearr sa Ghaeilge agus tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge ag baill foirne na Comhairle, rud a chumhachtófar do chuairteoirí cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge.

**2.3** Tacú le forbairt agus cosaint na Gaeilge agus an méid sin a chur chun cinn ar fud an Cheantair trí thionchar a imirt ar athruithe dearfacha agus trí leanúint le hobair i gcomhar le gach comhpháirtí ábhartha reachtúil agus pobail chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an phobail Ghaeilge.

# Forbairt Acmhainne

**3.1** Acmhainn eagraíochtaí áitiúla a fhorbairt chun gur féidir leo faisnéis a scaipeadh agus an Ghaeilge a fhorbairt agus a shaothrú laistigh de phobail áitiúla, rud a chruthóidh pobal Gaeilge níos láidre agus níos inbhuanaithe laistigh den Cheantar.

**3.2** Deiseanna líonraithe a chur chun cinn agus a éascú, agus spreagadh á thabhairt do Ghaeilgeoirí agus d'eagraíochtaí Gaeilge nascadh lena chéile, foghlaim óna chéile agus an dea-chleachtas a chomhroinnt lena chéile, rud a chruthóidh pobal Gaeilge níos nasctha laistigh den Cheantar.

**3.3** Obair an phobail Ghaeilge a aithint agus a cheiliúradh, agus leithead agus saibhreas na gníomhaíochta a bhíonn ar siúl ar fud an Cheantair á sárthaispeáint.

# Language Acquisition and Transmission

**2.1** Visibility of Irish Language will be increased across the District and the language will be embedded across Council Services, with Irish speakers and learners better able to access Councilservices through the Irish Language.

**2.2** Council staff will have improved skills and understanding of Irish Language which will empower and facilitate visitors to communicate in Irish.

**2.3** Support and promote development and protection of Irish Language across the District by influencing positive change, continuing to work collaboratively with all relevant statutory and community partners, to ensure that the needs of the Irish Language community are met.

# Capacity Building

**3.1** Build capacity of local organisations to educate and empower them to further develop and grow Irish Language within local communities – leading to a stronger and more sustainable Irish Language community within the District.

**3.2** Promote and facilitate networking opportunities, encouraging Irish Language speakers and organisations to connect, learn and share best practice– leading to more connected Irish Language community within the District.

**3.3** Recognise, acknowledge and celebrate the work of the Irish Language community, showcasing the breadth and richness of activity being carried out across the District.

# Teanga agus Cultúr

**4.1** Cuirfear an Ghaeilge chun cinn mar theanga chomhroinnte, áit a laghdófar éadulaingt agus a mhéadófar feasacht ar an Ghaeilge mar chuid de mhóroidhreacht teanga agus chultúrtha an Cheantair.

**4.2** Cabhrú le deiseanna a thabhairt do dhaoine aonair agus pobail ó gach cúlra ar fud an Cheantair an Ghaeilge a fhoghlaim agus a gcuid Gaeilge a fhorbairt agus a úsáid. Áireofar leo sin deiseanna foirmiúla agus áineasa, agus fás agus úsáid na teanga i saol laethúil daoine agus tarchur idirghlúine na teanga á spreagadh.

**4.3** Dul i dteagmháil le teaghlaigh, scoileanna, grúpaí pobail agus eagraíochtaí spóirt chun feasacht ar an Ghaeilge a spreagadh, a chothú agus a chur chun cinn ina saol laethúil, ina n-obair laethúil agus ina ngníomhaíochtaí laethúla.

# Ár nGealltanas

Cuirfidh Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ar chumas pobal an Ghaeilge a fhoghlaim, a chomhroinnt agus a shaothrú agus tabharfaidh sí spreagadh agus cumhacht dóibh déanamh amhlaidh; cuirfidh sí infheictheacht agus úsáid na Gaeilge chun cinn ar fud an Cheantair; agus oibreoidh sí i dtreo freastal ar riachtanais agus cuspóirí na bpobal agus na líonraí Gaeilge atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn.

Beidh an Straitéis Gaeilge mar bhonn agus thaca ag aidhmeanna an Bheartais Ghaeilge, ina leagtar amach na treoirphrionsabail lena léirítear tiomantas na Comhairle do chur chun cinn, cosaint agus úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh. Gabhann Plean Cur Chun Feidhme 3 bliana leis an Straitéis, rud ina leagtar amach samhail soláthair don Ghaeilge laistigh de limistéar na Comhairle. Ina theannta sin, cuirtear an Straitéis Gaeilge i ngníomh laistigh de mhórchomhthéacs Phlean Pobail, Phlean Corparáideach, Fhéiniúlacht Branda Chorparáidigh, Bheartas Éagsúlachta Teanga agus Straitéis Dea-Chaidrimh na Comhairle.

# Language and Culture

**4.1** Irish Language will be promoted as a shared language, reducing intolerance and raising awareness of Irish as part of the District's broader linguistic and cultural heritage.

**4.2** Facilitate opportunities across the District for individuals and communities, from all backgrounds, to develop, learn and use Irish Language. This will include formal and recreational opportunities, encouraging growth and use of the language within people's daily lives and the intergenerational transmission of the language.

**4.3** Engage with families, schools, community groups and sporting organisations to encourage, supportand promote awarenessof Irish Languagein their daily life, work and activities.

# Our Commitment

Fermanagh and Omagh District Council will enable, encourage and empower communities to learn, share and grow the Irish Language; promote the visibility and use of the Irish Language throughout the District; and work towards meeting the needs and objectives of existing and emerging Irish Language communities and networks.

The Irish Language Strategy will underpin the aims of the Irish Language Policy which sets out the guiding principles that demonstrate FODC's commitment to facilitate and encourage the promotion, protection and use of the Irish Language. Furthermore, it is accompanied by a 3-yearImplementation Plan which will outline a delivery model for Irish Language within the FODC area. Further, the Irish Language Strategy functions within the broader context of FODC's Community Plan, Corporate Plan, Corporate Brand Identity, Linguistic Diversity Policy and Good Relations Strategy.

Leis an Straitéis, baintear tosaíochtaí amach agus rannchuidítear le hoibleagáidí agus treoirlínte a chomhlíonadh ar aon dul leis na nithe seo a leanas: Comhaontú Bhéal Feirste (Comhaontú Aoine an Chéasta) 1998; an Dearbhú Comhpháirteach 2003; Comhaontú Chill Rìmhinn 2006; Acht Thuaisceart Éireann 1998; Clár an Rialtais; an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh; an tAcht Rialtais Áitiúil (Tuaisceart Éireann) 2014; Deich mBliana Nua, Cur Chuige Nua 2020; Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh; an Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint; agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

# Luachanna

Ar aon dul leis an Phlean Chorparáideach 2020-2024, ghlac an Chomhairle na sé luach seo a leanas lena dtreorófar cur chun feidhme na Straitéise seo.

**Ceannaireacht** – ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh do riachtanais ár gCeantair agus a mhuintire ar fad, agus sinn ag tógáil ceannaireacht láidir agus ag úsáid fianaise chun tosaíochtaí a chinneadh agus chun díriú ar na nithe is tábhachtaí.

**Ionracas** – gníomhú le macántacht agus le neamhchlaontacht, agus sinn ag caitheamh le gach duine ar bhealach cothromasach urramach.

**Cuntasacht** – gníomhú ar bhealach oscailte trédhearcach, agus sinn ag tabhairt faisnéis shoiléir inrochtana faoi chinntí agus faoi fheidhmíocht.

**Nuálaíocht** – sármhaitheas a bhaint amach trí mhodhanna nua oibre a shainaithint ar mhaithe le seirbhísí a fheabhsú agus tosaíochtaí a bhaint amach go leanúnach.

**Inbhuanaitheacht** – cinntí a dhéanamh atá chun leas fadtéarmach an Cheantair agus a mhuintire, agus sinn ag tacú le pobail bhríomhara uirbeacha agus tuaithe agus ag tabhairt aird i gcónaí ar acmhainní.

**Teagmháil agus Rannpháirtíocht** – éisteacht le daoine ar fud pobail tuaithe agus uirbeacha agus na riachtanais fhianaisebhunaithe atá acu a thuiscint agus a chur i gcroílár na nithe a dhéanann muid chun teacht ar réitigh le chéile.

The Strategy meets priorities and contributes towardsdelivering on the obligations and guidelines set out by the following:
The Belfast (Good Friday) Agreement 1998, The Joint Declaration 2003, Saint Andrews Agreement 2006, Northern Ireland Act 1998, Programme for Government, European Charter for Regional or Minority Languages, Local Government Act (Northern Ireland) 2014, New Decade, New Approach2020, the UN Convention on the Rightsof the Child, Framework Convention on the Protection of National Minorities, European Convention on Human Rights.

# Values

In line with the Corporate Plan 2020-2024, FODC has adopted the following six values which will guide the implementation of this Strategy.

**Leadership** – effectively representing the needs of our District and all its people, building strong leadership and using evidence to determine priorities and focus on what matters most.

**Integrity** – acting with honesty and impartiality, treating all in an equitable and respectful manner.

**Accountability** – acting in an open and transparent manner, providing clear and accessible information on decisions and performance.

**Innovation** – achieving excellence through identifying new ways of working to continuously improve services and deliver on priorities.

**Sustainability** – taking decisions which are in the long-term interests of the District and its people, supporting vibrant urban and rural communities and always mindful of resources.

**Engagement and Involvement** – listening to, understanding and putting the evidence-based needs of our people across rural and urban communities at the heart of what we do to create solutions together.

# Príomhthosaíochtaí

- An Ghaeilge a fhorbairt agus a shaothrú;
- Infheictheacht agus inrochtaineacht na Gaeilge a mhéadú;
- Gaeilgeoirí agus pobail Ghaeilge a chumhachtú;
- An Ghaeilge a shárthaispeáint agus a cheiliúradh sa Cheantar.

# Torthaí

Leis an Straitéis seo, rannchuideofar leis na torthaí seo a leanas a bhaint amach;

- Beidh méadú ann ar infheictheacht agus úsáid na Gaeilge ar fud an Cheantair – idir an teanga labhartha agus an teanga scríofa.
- Beidh cumas níos fearr ag an phobal Gaeilge agus ag daoine atá ag plé leis an Ghaeilge den chéad uair an teanga a fhorbairt agus a shaothrú agus tabharfar tacaíocht níos fearr dóibh déanamh amhlaidh.
- Beidh inrochtaineacht agus eispéireas níos fearr ann maidir leis an Ghaeilge a úsáid laistigh de sheirbhísí na Comhairle.
- Beidh earnáil Gaeilge níos láidre, níos comhtháite agus níos nasctha ann laistigh den Cheantar agus den réigiún araon.
- Bainfear an dea-chleachtas amach agus comhlíonfar oibleagáidí reachtúla maidir leis an Ghaeilge a chosaint, a shaothrú agus a fhorbairt.

# Key priorities

- Develop and grow Irish Language;
- Increase visibility of and accessibility to Irish Language;
- Empower Irish Language speakers and communities;
- Showcase and celebrate Irish Language in the District.

# Outcomes

This Strategy will contribute to the following outcomes;

- Increase visibility and use of Irish Language throughout the District – both in spoken and written language.
- Irish Language community and those new to the language are better equipped and supported to develop and grow the language.
- Improved accessibility and experience of using Irish Language within FODC services.
- A stronger, more cohesive and connected Irish Language sector both within the District and regionally.
- Best practice is achieved and statutory obligations met in relation to the protection, growth and development of Irish Language.

# Téamaí na Straitéise

Cuimsítear sa Straitéis seo 4 théama lena soláthraítear fís agus treo. Is iad seo a leanas na téamaí sin:

1. **Beartas agus Soláthar Seirbhíse na Comhairle** – Infheictheacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú laistigh den Chomhairle trí chosaint, cur chun cinn, inrochtaineacht agus úsáid na teanga a spreagadh agus trína chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an phobail Ghaeilge laistigh de shaoráidí agus seirbhísí na Comhairle.

2. **Sealbhú agus Tarchur Teanga** – Úsáid na Gaeilge a fhorbairt, a shaothrú agus a neartú ar fud an tsaoil laethúil laistigh den Cheantar.

3. **Forbairt Acmhainne** – Eagraíochtaí áitiúla a chumhachtú agus a chothú, agus sinn ag cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach agus ag tacú leo rannchuidiú le pobal Gaeilge atá bríomhar agus inbhuanaithe a áirithiú.

4. **Teanga agus Cultúr** – An éagsúlacht agus an oidhreacht shaibhir teanga agus chultúrtha atá uathúil don Cheantar a chur chun cinn agus a shárthaispeáint.

# Téamaí agus cuspóirí

**Téama 1 – Beartas agus Soláthar Seirbhíse na Comhairle**
Infheictheacht agus úsáid na Gaeilge a mhéadú laistigh den Chomhairle trí chosaint, cur chun cinn, inrochtaineacht agus úsáid na teanga a spreagadh agus trína chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an phobail Ghaeilge laistigh de shaoráidí agus seirbhísí na Comhairle.
**Príomhchuspóirí**
**1.1** – Méadófar infheictheacht na Gaeilge ar fud an Cheantair agus leabófar an teanga ar fud Sheirbhísí na Comhairle, agus cumas níos fearr ag Gaeilgeoirí agus ag foghlaimeoirí Gaeilge seirbhísí na Comhairle a rochtain tríd an Ghaeilge.
**1.2** – Beidh scileanna níos fearr sa Ghaeilge agus tuiscint níos fearr ar an Ghaeilge ag baill foirne na Comhairle, rud a chumhachtófar do chuairteoirí cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge.
**1.3** – Tacú le forbairt agus cosaint na Gaeilge agus an méid sin a chur chun cinn ar fud an Cheantair trí thionchar a imirt ar athruithe dearfacha agus trí leanúint le hobair i gcomhar le gach comhpháirtí ábhartha reachtúil agus pobail chun a chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais an phobail Ghaeilge.

# Strategy themes

The Strategy encompasses 4 themes which provide vision and direction. These themes are as follows:

1. **Council Policy and Service Provision** – Increasing visibility and use of Irish Language within Council by encouraging the protection, promotion, accessibility and use of the language and ensuring the needs of the Irish Language community are met within Council facilities and services.

2. **Language Acquisition and Transmission** – Developing, growing and strengthening the use of Irish Language throughout daily life within the District.

3. **Capacity Building** – Empowering and nurturing local organisations, helping them reach their potential and supporting them to contribute to a vibrant and sustainable Irish Language community.

4. **Language and Culture** – Promoting and showcasing the rich, diverse linguistic and cultural diversity and heritage which is unique to the District.

# Themes and objectives

**Theme 1 Council Policy and Service Provision**
Increasing visibility and use of Irish Language within Council by encouraging the protection, promotion, accessibility and use of the language and ensuring the needs of the Irish Language community are met within Council facilities and services.
**Key Objectives**
**1.1** – Visibility of Irish Language will be increased across the District and the language will be embedded across Council Services, with Irish speakers and learners better able to access Council services through the Irish Language.
**1.2** – Council staff will have improved skills and understanding of Irish Language which will empower and facilitate visitors to communicate in Irish.
**1.3** – Support and promote development and protection of Irish Language across the District by influencing positive change, continuing to work collaboratively with all relevant statutory and community partners, to ensure that the needs of the Irish Language community are met.

**Téama 2 – Sealbhú agus Tarchur Teanga**
An Ghaeilge a fhorbairt, a shaothrú agus a neartú ar fud an tsaoil laethúil laistigh den Cheantar.
**Príomhchuspóirí**
**2.1** – Cuirfear an Ghaeilge chun cinn mar theanga chomhroinnte, áit a laghdófar éadulaingt agus a mhéadófar feasacht ar an Ghaeilge mar chuid de mhóroidhreacht teanga agus chultúrtha an Cheantair.
**2.2** – Cabhrú le deiseanna a thabhairt do dhaoine aonair agus pobail ó gach cúlra ar fud an Cheantair an Ghaeilge a fhoghlaim agus a gcuid Gaeilge a fhorbairt agus a úsáid. Áireofar leo sin deiseanna foirmiúla agus áineasa, agus fás agus úsáid na teanga i saol laethúil daoine agus tarchur idirghlúine na teanga á spreagadh.
**2.3** – Dul i dteagmháil le teaghlaigh, scoileanna, grúpaí pobail agus eagraíochtaí spóirt chun feasacht ar an Ghaeilge a spreagadh, a chothú agus a chur chun cinn ina saol laethúil, ina n-obair laethúil agus ina ngníomhaíochtaí laethúla.

**Téama 3 – Forbairt Acmhainne**
Eagraíochtaí áitiúla a chumhachtú agus a chothú chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach agus rannchuidiú le pobal Gaeilge atá bríomhar agus inbhuanaithe a áirithiú.
**Príomhchuspóirí**
**3.1** – Acmhainn eagraíochtaí áitiúla a fhorbairt chun gur féidir leo faisnéis a scaipeadh agus an Ghaeilge a fhorbairt agus a shaothrú laistigh de phobail áitiúla, rud a chruthóidh pobal Gaeilge níos láidre agus níos inbhuanaithe laistigh den Cheantar.
**3.2** – Deiseanna líonraithe a chur chun cinn agus a éascú, agus spreagadh á thabhairt do Ghaeilgeoirí agus d'eagraíochtaí Gaeilge nascadh lena chéile, foghlaim óna chéile agus an dea-chleachtas a chomhroinnt lena chéile, rud a chruthóidh pobal Gaeilge níos nasctha laistigh den Cheantar.
**3.3** – Obair an phobail Ghaeilge a aithint agus a cheiliúradh, agus leithead agus saibhreas na gníomhaíochta a bhíonn ar siúl ar fud an Cheantair á sárthaispeáint.

**Theme 2 Language Acquisition and Transmission**
Developing, growing and strengthening Irish Language throughout daily life within the District.
**Key Objectives**
**2.1** – Irish Language will be promoted as a shared language, reducing intolerance and raising awareness of Irish as part of the District's broader linguistic and cultural heritage.
**2.2** – Facilitate opportunities across the District for individuals and communities, from all backgrounds, to develop, learn and use Irish Language. This will include formal and recreational opportunities, encouraging growth and use of the language within people's daily lives and the intergenerational transmission of the language.
**2.3** – Engage with families, schools, community groups and sporting organisations to encourage, support and promote awareness of Irish Language in their daily life, work and activities.

**Theme 3 Capacity Building**
Empowering and nurturing local organisations to help them reach their potential and contribute to a vibrant and sustainable Irish Language community.
**Key Objectives**
**3.1** – Build capacity of local organisations to educate and empower them to further develop and grow Irish Language within local communities – leading to a stronger and more sustainable Irish Language community within the District.
**3.2** – Promote and facilitate networking opportunities, encouraging Irish Language speakers and organisations to connect, learn and share best practice – leading to more connected Irish Language community within the District.
**3.3** – Recognise, acknowledge and celebrate the work of the Irish Language community, showcasing the breadth and richness of activity being carried out across the District.

**Téama 4 – Teanga agus Cultúr**
An éagsúlacht agus an oidhreacht shaibhir teanga agus chultúrtha atá uathúil do Cheantar Fhear Manach agus na hÓmaí a chur chun cinn agus a shárthaispeáint.

**Príomhchuspóirí**

**4.1** – An Ghaeilge a leabú ar fud gach gné den oidhreacht agus den turasóireacht, agus aird á tarraingt ar stair agus cultúr uathúil Gaeilge an limistéir, lena n-áirítear logainmneacha, an oidhreacht chultúrtha, an oidhreacht thógtha agus an oidhreacht liteartha.

**4.2** – Ag obair di i gcomhpháirt le heagraíochtaí ábhartha eile (idir eagraíochtaí deonacha agus eagraíochtaí gnó), tarraingeoidh an Chomhairle aird ar an Ghaeilge mar phríomhghné d'fhorbairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí teangabhunaithe agus na deiseanna turasóireachta teangabhunaithe atá ann laistigh den Cheantar.

**4.3** – Naisc a bhunú idir Gaeilgeoirí/eagraíochtaí Gaeilge agus grúpaí cultúrtha eile ó chúlraí difriúla ar mhaithe le tuiscint chomhroinnte ar thraidisiúin dhifriúla teanga agus ar chultúir dhifriúla theanga, agus meas ar na traidisiúin agus na cultúir sin, a spreagadh.

**Theme 4 Language and Culture**

Promoting and showcasing the rich, diverse linguistic and cultural diversity and heritage which is unique to the Fermanagh and Omagh District.

**Key Objectives**

**4.1** – Embed Irish Language throughout all aspects of heritage and tourism, highlighting the unique Irish Language history and culture of the area including placenames, cultural heritage, built and literary heritage.

**4.2** – Council, working in partnership with other relevant organisations (voluntary and business), will highlight the Irish Language as a key feature in terms of promoting and developing linguistic-based activities and tourism opportunities within the District.

**4.3** – Establish links between Irish Language speakers/ organisations and other cultural groups from different backgrounds, to encourage shared understanding and appreciation for different linguistic traditions and cultures.